Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann
Teoranta

Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch
31 Nollaig 2010

COMHLACHT GRAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN TEORANTA

TUARASCÁLACHA AGUS RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2010

CLÁR

	LEATHANACH
STIÚRTHÓIRÍ AGUS EOLAS EILE	2
RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH	3 - 5
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ	6 - 9
TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH	10 - 11
RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	12 - 14
CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS	15
RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS AR CHAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA	16
CLÁR COMHARDAITHE	17
RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID	18
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	19 - 27

COMHLACHT GRAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN TEORANTA

STIÚRTHÓIRÍ AGUS EOLAS EILE

BORD STIÚRTHÓIRÍ	Lady OõReilly (Cathaoirleach) J. Beecher D.K. Weld S Brady (A Ceapadh 19 Bealtaine 2010) J Harrington (A Ceapadh 19 Bealtaine 2010) PJ Fitzpatrick (A Ceapadh 23 Meitheamh 2010) P Shelly (A Ceapadh 8 Márta 2011)
RÚNAÍ AN CHOMHLACHTA	J. McStay
ATURNAETHA	McCann Fitzgerald 2 Plás Mháistir an Chuain IFSC Baile Átha Cliath 2
BAINCÉIR	Banc na hÉireann Baile Chill Dara Co. Chill Dara
INIÚCHÓIRÍ	PricewaterhouseCoopers 1 Duga Spencer Cé an Phoirt Thuaidh Baile Átha Cliath 1
OIFIG CHLÁRAITHE	An Tulaigh Cill Dara Co. Chill Dara
UIMHIR CHLÁRAITHE	11451

Tuairiscíonn Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann staid airgeadais níos fearr in 2010. Ghin ár stail cheannródaíoch Invincible Spirit curiarracht Eorpach nua de 42 buaiteoir aonair 2 bhliain dâaois, an láireog 2 bhliain dâaois i Sasana a bhfuil an t-ainm oiriúnach ñHoorayò air ina measc. Tá Verglas againn freisin agus bhí bliain láidir eile aige sin ó thaobh graí de agus ar an ráschúrsa chomh maith ï is é an 7ú stail is fearr in Éirinn é agus dá bhrí sin lean Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann ar aghaidh ag déanamh go maith i margadh atá ag éirí níos iomaíche.

Chruthaigh gníomhaíochtaí an chomhlachta brabús oibríochta de ú309k ach is caillteanas de ú1.1m a bhí anseo tar éis dímheasa. Cé gur cúis díoma é seo, is feabhas de ú3m a bhí sa bhfeidhmíocht seo ar 2009. Cuirfear dhá chapall breise lenár n-uainchlár (atá anois ag ocht stail) agus treiseoidh siad ár ndeiseanna in 2011. Tá stail nua againn darb ainm Lord Shanakill, buaiteoir Ghrúpa 1, agus tá Big Bad Bob againn chomh maith, a chuir tús maith lena ghairm agus é ag seasamh in Islanmore Stud.

Is iad na gnéithe is suntasaí den fheidhmíocht airgeadais ná an láimhdeachas a dâardaigh ó ú5.6m go ú6.8m, an gearradh siar leanúnach ar speansais riaracháin a laghdaigh ó ú9.1m to ú6.8m agus líon na dturasóirí a lean ar aghaidh ag tabhairt cuairte orainn. Ní raibh ach laghdú 3% ar na fáltais i gcomparáid le margadh uile na hÉireann a bhí síos 15%.

San áireamh le figiúr na gcostas tá muirear dímheasa de ú1.4m (2009 ú2.6m), táimid ag druidim le deireadh na céime is measa ó thaobh dhímheas ar shócmhainní a fuarthas nuair a bhí an margadh ag barr a mhaitheasa. San áireamh freisin tá soláthar drochfhiacha de ú185k (2009 ú760k) atá ag teacht lenár gcur chuige coimeádach. Chonaiceamar feabhas ar an gcion bailiúchán cé gur tionscal é lena mbaineann córas íocaíochtaí mall.

RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

Thar ceann an bhoird, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar in aghaidh earráidí ábharthacha agus tá an córas atá i bhfeidhm i gcomhréir le méid agus le nádúr an chomhlachta.

Áirítear na nósanna imeachta tábhachtacha seo a leanas atá curtha i bhfeidhm ag an mBord ar mhaithe le rialú airgeadais inmheánaigh éifeachtach a sholáthar:

- Struchtúr bainistíochta sainmhínithe a bhfuil a chuid dualgaisí deighilte go cuí ar fud na heagraíochta.
- Nósanna imeachta sainiúla soiléire i bhfeidhm chun ceannach, íocaíochtaí, admhálacha agus párolla a rialú.
- Tá ceathrar stiúrthóirí ar an gcoiste iniúchta; buaileann siad le chéile ar bhonn rialta chun rioscaí airgeadais a athbhreithniú. Chomh maith leis sin faigheann siad tuarascálacha tréimhsiúla ó fheidhm Iniúchta Inmheánaigh sheachfhoinsithe.
- Pléitear rioscaí gnó tábhachtacha ag an mbord agus déantar cinntí bunaithe ar an gcomhairle ghairmiúil is fearr atá ar fáil. Athbhreithníonn an bord cuntas agus feidhmíocht bainistíochta in aghaidh an bhuiséid.
- Tá cóid iompair do stiúrthóirí agus dõfhostaithe i bhfeidhm agus tá siad foilsithe ar láithreán gréasáin an chomhlachta.

Rinne an bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais trí na céimeanna thuasluaite in 2010.

STAILEANNA

Tá Invincible Sprit fós chun cinn ó thaobh torthaí de. Tá sé i mbarr a réime agus tá an-tóir air go fóill i margadh deacair. Go deimhin, dô ardaíomar a tháille 35% do Shéasúr 2011. Mar a luadh, bhí an láirgeo Seaimpín 2 bhliain dô aois aige ach is féidir leis a bheith bródúil freisin as cúig bromach eile atá ina ngraíonna agus bhí buaiteoirí aige chomh maith i nGrúpa 1 ag stáideanna 6, 7, 8, 9 & 10. Bhí tionchar ollmhór aige ar an nGraí agus ar an margadh.

Leanann Verglas, atá 17 bliain dô aois, ar aghaidh ag táirgeadh líon mór buaiteoirí ag gach leibhéal in go leor tíortha. Tá an aois sin bainte amach aige ina bhfuil an margadh tráchtála athraitheach ag cur deireadh lena tháirgí díolacháin i bhfabhar sleachta staileanna níos óige. Tá go leor dá chuid buaiteoirí sa Fhrainc áit ar thosaigh sé amach ina ghairm bheatha. Dá bhrí sin tá an tionchar a bhaineann leis an líon mór buaiteoirí leanúnacha atá aige laghdaithe. Mar sin féin, tá an-tóir air go fóill i measc póraitheoirí úinéirí, agus níos tábhachtaí arís le traenálaithe, a bhfuil meas acu ar chomhdhéanamh a shleachta agus ar a chumas capall den scoth a ghiniúint.

Beidh dhá stail eile ar ár n-uainchlár ag rith don chéad uair in 2011 - Jeremy agus Amadeus Wolf. Tá an-tóir ar phóraitheoirí orthu go fóill sa bhliain éiginnte seo, rud a léiríonn muinín ar chomh maith is a n-éireoidh leo amach anseo.

Bhí a chéad searraigh ag Art Connoisseur i mbliana agus tá na tuairiscí an-chorraitheach. Is sliocht de Indian Ridge é Indian Haven agus is buaiteoir den scoth é ann féin. Cuireann sé rogha fiúntach ar fáil do phóraitheoirí sna tréimhsí crua seo.

Is é séasúr 2011 an chéad séasur riamh nach bhfuil sé ar intinn ag an stail is costasaí in Eoraip (Makfi ag costas íseal stairiúil de £25,000) graí a dhéanamh in Eirinn. Bô héidir nach dtarlóidh seo arís, ach ní féidir neamhaird a dhéanamh riamh ar an tábhacht a bhaineann le hÉire ó thaobh na staileanna den scoth atá ann.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STOIC FOLAÍOCHTA EILE

Ghin ár mbanda láracha folaíochta féin Seeharn agus Titus Mills atá den mhianach dubh agus atá 2 bhliain dô aois. Chruthaigh siad fáltais díolacháin de níos mó ná ú542k ag Díolacháin Goffs. Dhíolamar bromach i Newmarket ar £100,000 guineas (ú116k). Dô ardaíomar líon ár láracha folaíochta ó 11 go 17 tar éis dúinn 6 láir a fháil sa bhFómhar dô nfheistíocht iomlán de ú87k. Tá súil againn go mbeimid in ann teacht ar chapall den scoth eile ar nós Sabaah ï atá ar scor anois. Is í Sabaah an láir a bhí ag an mbuaiteoir Clasaiceach Desert King agus láir ceithre chapall eile den mhianach dubh.

TURASÓIREACHT

Tá Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann agus a Ghairdín Seapánach, Gairdín Naomh Fiachra agus Músaem na gCapall mar ghné lárnach i dtírdhreach turasóireachta na hÉireann. Bhí laghdú 15% ar an líon cuaiteoirí náisiúnta ach ní raibh ach laghdú de 3% ar líon cuairteoirí a tháinig anseo. Thug 112,000 duine cuairt orainn i 2010.

Leanaimid ar aghaidh ag déanamh ár ndícheall chun an Graí a chur chun cinn agus in 2010 chuireamar ceolchoirm ar bun i lár an tSamhraidh ag an am céanna leis an bhFéile Dearbaí áitiúil agus bhí tionscnaimh eile ar bun freisin chun ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh céad bliain na nGairdíní Seapánacha. Rinneamar athchóiriú ar Owens Cottage, teachín Ceann Tuí, a osclaíodh 1ú Feabhra 2011 chun an tEarrach a fhógairt. Tús nua eile!

CÚRSA PÓRAITHE CAPAILL FOLAÍOCHTA GHRAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

I rith 2010, thugamar 17 mac léinn ó gach cearn den domhan le chéile ach ba as Baile Chill Dara do bhuaiteoir an bhoinn óir - Richard Scahill, mac leis an tráchtaire cáiliúil Dessie Scahill. Do 2011, ghlacamar le 22 mac léinn as 11 tír ina measc siúd tá mic léinn as Éire, ón Ríocht Aontaithe, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón Iorua, ó Stáit Aontaithe Mheiriceá, ó Cheanada, ón Astráil, ón Nua-Shéalainn, ón gCóiré agus ón tSeapáin.

LÉARGAS

Cuireadh tús maith le 2011. Dóigh éirigh go maith leis an Earrach agus rinneadh áirithintí daingean i leith na staileanna. Táimid ag tuar go dtiocfaidh feabhas ar an ioncam ó staileanna. Tá súil againn go mbeidh bliain bhrabúsach eile ann ó thaobh Turasóireachta de agus beidh breis imeachtaí speisialta ar bun chun aird na ndaoine a mhealladh. Feidhmíonn Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann i dtionscal timthriallach atá ag cúlú ach tá ag éirí go maith leis in ainneoin cúpla bliain crua. Tá céimeanna glactha againn chun ath-infheistiú a dhéanamh ag an bpointe iontrála atá níos ísle anois do láracha agus dhíríomar ar staileanna ardchaighdeáin dá gcúpláil. Leanaimid ar aghaidh ag féachaint ar laghdú costas faoi gach ceannteideal agus ag an am céanna bímid i gcónaí ag iarraidh an caighdeán a leagan amach nó a ardú sa tionscal in Éirinn chomh maith le próifíl an tionscail ar fud an domhain.

BUÍOCHAS

Ba mhaith liom ár mbuíochas a chur in iúl leis an Iar-Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Mara Brendan Smith as an suim a chuir sé sa chomhlacht agus as an tacaíocht a thug sé dúinn. Guimíd gach rath ar a chomharba Simon Coveney ina ról nua agus táimid ag tnúth le fáilte a chur roimhe go dtí An Tulaigh. Lean Foireann na Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus Foireann na Roinne Airgeadais leis an tacaíocht iontach a thugann siad don chomhlacht ar go leor bealaí éagsúla agus táimid buíoch díobh ar fad as a n-iarrachtaí ar ár son.

Molaimid bainistíocht agus foireann Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann as a n-iarrachtaí leanúnacha agus is féidir linn fianaise dáiríre a fheiceáil ar na hiarrachtaí seo. Tá an graí bródúil as a stadás mór le rá agus is í an fhoireann a chruthaíonn an stadás seo. Glacaim buíochas chomh maith le mo chomhghleacaithe ar an mBord agus le Rúnaí an Chomhlachta as a gcuid oibre agus tacaíochta i rith na bliana.

Fáiltím roimh na gcomhaltaí boird nua An Dr Sean Brady, Jessica Harrington, PJ Fitzpatrick agus Paul Shelly. Baineann an Bord leas as raon leathan agus doimhin saineolais agus táimid muiníneach gur féidir linn an ceann is fearr a fháil ar na tréimsí dúshlánacha seo.

Lady Ó Reilly
Cathaoirleach

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

TORTHAÍ, DÍBHINNÍ AGUS CÚLCHISTÍ

Bô onann an caillteanas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas agus ú1,128,017 (2009: ú4,238,540). Ní mholann na stiúrthóirí go ndearbhófaí díbhinn (2009: úNil) nó aistriú chuig cúlchistí (2009: úNialas).

PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS ATHBHREITHNIÚ AR AN nGNÓ

Is é príomhghníomhaíocht an chomhlachta ná graífheirmeoireacht agus turasóireacht ghaolmhar. Déileáiltear le torthaí na ngníomhaíochtaí seo i ráiteas an Chathaoirligh atá in éineacht leis an tuarascáil seo.

ATHBHREITHNIÚ FEIDHMÍOCHTA

Thabhaigh an comhlacht caillteanas oibriúcháin don bhliain de ú825,760 (2009: ú4,196,220).

GNÓTHAS LEANTACH

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh de réir mar a bhíonn an Bord sásta go bhfuil achmhainní leordóthanacha ag Comhlacht Graí na hÉireann le coinneáil ag imeacht chomh fada agus is léir amach anseo.

RIOSCAÍ AGUS NEAMHCHINNTEACHTAÍ

Is é straitéis an chomhlachta staileanna dô ardchaighdeán a sheasamh agus capaill rásaíochta a bheidh ábalta dul san iomaíocht i rásaí dô ardghrád a phórú agus saoráid turasóireachta ar ardchaighdeán a chur i bhfeidhm.

Tá feidhmíocht an chomhlachta ag brath go mór ar shláinte agus ar cháil na staileanna agus ar éileamh an mhargaidh dá seirbhísí agus ar leanúint ar aghaidh an leibhéil reatha taistil a bhaineann le turasóireacht idirnáisiúnta.

Is deacair na rioscaí atá os comhair an chomhlachta a thomhas ach baineann siad go príomha le galair ainmhithe a chuirfeadh srian ar ghluaiseacht/thaisteal ainmhithe agus ar thurasóirí ag tabhairt cuairte ar áitreabh an chomhlachta.

Mar gheall ar nádúr an tionscail ina bhfuil an comhlacht ag feidhmiú is iad méid agus amú na n-ioncam sa todhchaí an neamhchinnteacht is mó ag an gcuideachta fós.

IMEACHTAÍ Ó DHEIREADH NA BLIANA

Ní raibh aon imeachtaí ar fiú aird a thabhairt orthu.

FORBAIRTÍ AMACH ANSEO

Níl aon phleananna móra forbartha ag an gcomhlacht.

SCAIRCHAIPITEAL

Tá an úinéireacht thairbhiúil an scairchaipitil eisithe go léir dílsithe don Aire Airgeadais.

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar staid chúrsaí an chomhlachta agus ar bhrabús agus caillteanas an chomhlachta don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:-

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach;
- gach breithiúnas nó meastachán a dhéanamh go réasúnach agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an comhlacht lena ghnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais an chomhlacta, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá glactha go ginearálta in Éirinn agus go bhfuil said de réir reachtaíocht na hÉireann ag cloí le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní an chomhlachta a chosaint agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNAIGH

Admhaíonn an Bord go bhfuil sé freagrach as córas rialaithe airgeadais inmheánaigh éifeachtach a chothabháil agus a fheidmiú. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar in aghaidh earráidí ábharthacha agus tá an córas atá i bhfeidhm i gcomhréir le méid agus le nádúr an chomhlachta.

Áirítear na nósanna imeachta tábhachtacha seo a leanas atá curtha i bhfeidhm ag an mBord ar mhaithe le rialú airgeadais inmheánaigh éifeachtach a sholáthar:

- Struchtúr bainistíochta sainmhínithe a bhfuil a chuid dualgaisí deighilte go cuí ar fud na heagraíochta.
- Nósanna imeachta sainiúla soiléir i bhfeidhm chun ceannach, íocaíochtaí, admhálacha agus párolla a rialú.
- Tá ceathrar stiúrthóirí ar an gcoiste iniúchta; buaileann siad le chéile ar bhonn rialta chun rioscaí airgeadais a athbhreithniú. Chomh maith leis sin faigheann siad tuarascálacha tréimhsiúla ó fheidhm Iniúchta Inmheánaigh sheachfhoinsithe.
- Pléitear rioscaí gnó tábhachtacha ag an mbord agus déantar cinntí bunaithe ar an gcomhairle ghairmiúil is fearr atá ar fáil. Athbhreithníonn an bord cuntas agus feidhmíocht bainistíochta in aghaidh an bhuiséid.
- Tá cóid iompair do stiúrthóirí agus dóthostaithe i bhfeidhm agus tá siad foilsithe ar láithreán gréasáin an chomhlachta.

Rinne an bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais trí na céimeanna thuasluaite in 2010.

STIÚRTHÓIRÍ

Tá na stiúrthóirí atá ann faoi láthair liostaithe ar leathanach 2.

Cinneann an tAire na táillí atá iníoctha le comhaltaí Boird. Tá fáillí agus speansais chomhaltaí an Boird i rith 2010 leagtha amach thíos:

Comhalta boird	Táillí
Lady OõReilly	ú12,600
J. Beecher	ú8,100
M. Leavy (a dõeirigh as 2 Meitheamh 2010)	ú3,375
J. Osborne (a dõeirigh as 1 Feabhra 2010)	ú675
T. Stewart (a dõeirigh as 2 Meitheamh 2010)	ú3,375
D. K. Weld	ú8,100
S Brady (a ceapadh 19 Bealtaine 2010)	ú4,725
J Harrington (a ceapadh 19 Bealtaine 2010)	ú4,725
PJ Fitzpatrick (a ceapadh 23 Meitheamh 2010)	ú4,050

Níor íocadh aon chostais le comhaltaí Boird do 2010

Freastal ar chruinnithe

Tionóladh sé chruinniú Boird i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2010. Bhí freastal chomhaltaí an Bhoird ag na cruinnithe sin mar atá leagtha amach thíos:

Comhalta boird	Incháilithe le Freastal	Freastal
Lady OõReilly	6	6
J. Beecher	6	5
M. Leavy	2	1
T. Stewart	2	2
D. K Weld	6	5
S Brady	4	4
J Harrington	4	3
PJ Fitzpatrick	3	2

Tionóladh ceithre chruinniú de chuid an Choiste Iniúchta i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2010. Bhí freastal chomhaltaí an Bhoird ag na cruinnithe sin mar atá leagtha amach thíos:

Comhalta an choiste	Incháilithe le Freastal	Freastal
Lady OõReilly	4	4
J. Beecher	4	4
S Brady	4	4
PJ Fitzpatrick	3	2
J Malone	4	4

Tá luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh ag teacht le ñTreoirlínte ar Chonarthaí, Luach Saothair agus coinníollacha eile na bPríomhfheidhmeannach agus Bhainistíocht Shinsearach na gComhlachtaí Stáit Tráchtálaò a eisíodh i Márta 2006 agus a bhfuil achoimre déanta air i Nóta 4 leis na ráitis airgeadais.

LEABHAIR CHUNTAIS

Is iad na bearta atá déanta ag na stiúrthóirí lena chinntiú go gcloítear le hAlt 202 dôAcht na gCuideachtaí 1990 ná foireann chuntasaíochta cháilithe chuí a fhostú agus córais chuntasaíochta ríomhairithe a chothabháil. Tá leabhair chuntais an chomhlachta coinnithe i dTulaigh, Co. Chill Dara.

INIÚCHÓIRÍ

Dôéirigh na hiniúchóirí, Deloitte & Touche, Cuntasóirí Cairte as a bpost i rith na bliana agus ceapadh PricewaterhouseCoopers mar iniúchóirí ócáideacha don Chomhlacht ina n-áit. Sealbhóidh PricewaterhouseCoopers an post go dtí deireadh an chéad chruinniú ginearálta eile agus deimhneoidh na Stiúrthóirí a gceapachán agus socróidh siad a luach saothair ag an gcruinniú sin.

AN tACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Áirítear an comhlacht mar cheannaitheoir liostaithe earraí agus seirbhísí i sceideal an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 agus atá faoi réimse freagrachtaí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Mall i gcás Bearta Tráchtála) 2002 a tháinig i bhfeidhm an 7ú Lúnasa 2002. Dé réir an Achta agus na treoirlínte arna eisiúint ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, soláthraítear an t-eolas seo a leanas.

Is é polasaí scríofa an chomhlachta ná a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Sa chás go bhfuil conradh scríofa ann íoctar sonraisc de réir téarmaí an chonartha. Cé go bhfuil nósanna imeachta leagtha amach le comhlíonadh de réir an Achta a chinntiú ní féidir leo ach deimhniú réasúnach seachas deimhniú iomlán a thabhairt in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta. Níor íocadh aon ús i rith na bliana.

Arna síniú thar ceann an Bhoird :

Lady OôReilly Jim Beecher

_____ _____

Stiúrthóir Stiúrthóir

Dáta:

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH CHUIG COMHALTAÍ CHOMHLACHT GRAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN TEORANTA

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann, Teoranta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 atá comhdhéanta den Chuntas Brabúis agus Caillteanais, Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Iomlána Aitheanta, An Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, Ráiteas na mBeartais Chuntasaíochta agus na nótaí gaolmhara 1 go 24. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach sa Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta.

Cuirtear an tuarascáil seo ar fáil do chomhaltaí an Chomhlachta amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 193 dÕAcht na gComhlachtaí 1990. Tugadh faoinár obair inúchóireachta ionas go bhféadfaimis a lua do chomhaltaí an Chomhlachta na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil na n-iniúchóirí agus ní ar aon chúis eile. homh fada agus atá ceadaithe le dlí, ní ghlacaimid agus ní ghabhaimid freagracht orainn féin maidir le haon duine seachas an comhlacht agus comhaltaí an chomhleachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, don tuarascáil seo agus do na tuairimí atá déanta againn.

Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iniúchóirí faoi seach
Tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, mar atá leagtha amach i Ráiteas dÕFhreagrachtaí na Stiúrthóirí, de réir dlí infheidhme mar aon le caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn).

Is é ár bhfreagracht mar iniúchóirí neamhspleácha ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir cheanglais dlí agus rialála iomchuí agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht. (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscímid ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir de réir Chleachtais Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn agus go bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir reachtaíocht na hÉireann atá comhdhéanta dÕAchtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009. Tuairiscímid freisin cibé inár dtuairim: chuntais cuí, cibé, ag dáta an chláir chomhardaithe, ar ann do staid airgeadais a éilíonn cruinniú ginearálta urghnách an Chomhlachta a thionól; agus cibé an bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais. Sa bhreis air sin, luaimid cibé an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad atá riachtanach chun críche ár n-iniúchta agus cibé an dtagann clár comhardaithe agus cuntas brabúis agus caillteanais an chomhlachta leis na leabhair chuntais.

Tuairiscímid freisin díobh, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis atá sonraithe le dlí maidir le luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta na stiúrthóirí, agus nuair is indéanta sin, cuirimid faisnéis den sórt sin san áireamh inár dtuarascáil.

Tá Tuarascáil na Stiúrthóirí léite againn agus breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil más feasach dúinn aon mhíráiteas laistigh de. Ní shíneann ár bhfreagrachtaí chuig aon fhaisnéis eile.

Déanaimid athbhreithniú ar iarratas óna Stiúrthóirí, cibé an léiríonn an ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh mar atá luaite sa Rialú Airgeadais Inmheánaigh i dTuarascáil an Stiúrthóra comhlíonadh an Bhoird maidir le foráil an Chóid Sárchleachtais do Rialachas gComhlachtaí Stáit atá sonraithe dÕfhonn a n-athbhreithnithe ag iniúchóirí agus tuairiscímid mura ndéanann na ráitis sin. Níl sé de cheanglas orainn breithniú a dhéanamh cibé an gcuimsíonn ráitis an Bhoird ar rialú inmhéanaigh na rioscaí agus na rialaithe riachtanacha, nó tuairim a thabhairt ar éifeachtúlacht nósanna imeachta rialachais chorparáidigh nó a nósanna imeachta maidir le riosca agus rialú.

TUARASCÁIL NA N-INIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG COMHALTAÍ COMHLACHT GRAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN TEORANTA

Bunús leis an Tuairim Iniúchta
Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag Bord na gCleachtas Iniúchta. Déantar, mar chuid den iniúchadh, scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méideanna agus faisnéis a nochtaítear sna ráitis airgeadais, measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí agus iad ag ullmhú na ráitis airgeadais agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach dóibh mthosca an ghrúpa, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus arna nochtadh ar shlí leordhóthanach.

Pleanáladh ár n-iniúchadh agus cuireadh i gcrích ár n-iniúchadh sa chaoi agus go bhfuarthas gach faisnéis agus míniúchán a measadh ba ghá chun dóthain fianaise a chur ar fáil dúinn chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha a dbeascródh ó chalaois, ó mhírialtacht nó ó earráid. Agus sinn ag teacht ar ár dtuairim, mheasamar leordhóthanacht fhoriomlán thíolacadh na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim
Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais:

- tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an chomhlachta amhail an 31 Nollaig 2010 de réir Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn agus ar a chaillteanas agus ar shreabhadh airgid don bhliain dár chríoch amhlaidh, agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an gcuideachta. Tá clár comhardaithe agus cuntas brabúis agus caillteanais an chomhlachta i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Tá glan-sócmhainní an chomhlachta, mar a luaitear sa Chlár Comhardaithe níos mó ná leath an méid scairchaipitil ghlaoite agus, inár dtuairim, ar an mbunús sin ní raibh staid airgeadais ann ag 31 Nollaig 2010 a dféileodh, faoi Alt 40(1) dAcht na gCuideachtaí (Leasú),1983, cruinniú ginearálta urghnách den Chomhlacht a thionól.

PricewaterhouseCoopers
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe
Baile Átha Cliath

Dáta:

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta ag déileáil le míreanna a meastar a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais:

BONN ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn agus i reachtaíocht na hÉireann atá comhdhéanta dÕAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn ó thaobh ullmhú ráitis airgeadais chun dearcadh fíor agus cothrom a thabhairt ná iad sin arna bhfoilsiú ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus arna n-eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta. Cuireadh leasú ar chinnteidil Achtanna Cuideachtaí áirithe chun an gnó a léiriú níos cuí.

AN COINBHINSIÚN CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil agus san fhormáid a bhíonn ceadaithe ag an Aire Talmhaíochta Iascaigh agus Bia.

SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE AGUS DÍMHEAS

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha.

Gearrtar dímheas ar bhonn líne dírigh ag rátaí a ríomhtar chun costas gach aon sócmhainn a dhíscríobh, lúide luach iarmharach measta, thar thréimhse a saol úsáideach mar seo a leanas:-

Talamh agus Foirgnimh	50 bliain
Innealra	5 bliain
Fearais agus Troscán	10 bliain
Mótarfheithiclí	5 bliain

Ní dhímheastar talamh ruílse.

SCAIREANNA STAILEANNA AGUS STOC FÓLAÍOCHTA

Cuirtear infheistíochtaí láir agus staile ar teachtadh an ghraí san áireamh i sócmhainní dochta ar a luach lúide carnú dímheasa faoi réir aon soláthair le haghaidh díluachadh docht ar luach. Tosaíonn díluachadh ar staileanna agus ar scaireanna staileanna sa bhliain ina mbíonn an chéad chlúdú agus tá sé beartaithe an costas a dhíscríobh mar seo a leanas:

Bliain 1 go 3	20% i ngach bliain
Bliain 4 go 7	10% i ngach bliain

Faoi réir go ndíscríobhtar ina iomlán na staileanna roimh dheireadh a seachtú bliain saoil.

Tosaíonn díluachadh láracha síolraíochta sa bhliain tar éis an chéad clúdaithe. Tá sé beartaithe na láracha síolraíochta ar fad a dhíscríobh go hiomlán ar bhonn líne dhírigh ina iomláine roimh dheireadh a ndódhéagú bliain saoil ag tógáil ionchais saoil agus torthúlachta agus inmharthanacht tráchtála san áireamh.

STOIC

Luaitear stoic ina n-áirítear stoc folaíochta agus soláthairtí feirme ag an gcostas bunaidh agus ag an nglanluach inréadaithe. Tá costas comhdhéanta de phraghas ar sonrasc soláthróirí arna cinneadh ar bhonn isteach ar dtosach amach i dtosach. Sainmhínítear glanluach inréadaithe mar an luach díolacháin measta lúide gach costas a thabhaítear ar dhíolachán.

TÁILLE AINMNIÚCHÁIN

